Chuir Frances Egan Seirbhís Ghairmeacha agus Cheapúcháin ar fáil do mhic léinn a bhí ag dul isteach sa bhfórsa saothair. Tugadh cúnaimh do mhic léinn chun ullmhú do agallaimh, C.V. agus i dTeicníochtaí Agallaimh, agus rinneadh idirchaidreamh le Tionscail, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidimnáisiúnta. Eagraíodh Aonaigh Earcaíochta agus bhí mórán tionscal i láthair chun ár gcéimithe a earcú. Chomh maith leis sin, bhí Frances gafa le:

- (i) Cruinnithe leanúnacha le mic léinn aonair.
- (ii) Cruinnithe agus comhordú le Foireann Tacaíochta na Mac Léinn.
- (iii) Freastal ar chruinnithe de Oifigigh Gairmthreorach na nInstitiúidí Teicneolaíochta nó le grúpaí eile a d'fhéadfadh leas ITL a dhéanamh.
- (iv) Cláir Ionduchtaithe a eagrú agus a chur ar fáil.
- (v) Cur chuige dearbhghníomhach maidir le naisc a bhunú le Fostóirí faoi Shocrúcháin do Mhic Léinn agus a chinntiú go mbeadh seirbhís ardchaighdeán á soláthar i gcónaí.



## **Seirbhís Rochtana**

Eascaíonn beartas Rochtana na hInstitiúide as fealsúnacht lánpháirtíochta agus iniaimh shóisialta, atá tiomanta do na seirbhísí riachtanacha tacaíochta a sholáthar nuair is féidir. Tá sé d'aidhm ag an Seirbhís Rochtana iontráil agus rannpháirtíocht i gcláir acadúla agus saol na mac léinn san Institiúid a éascú do mhic léinn lánfhásta, do mhic léinn le riachtanais speisialta agus do mhic léinn ó ghrúpaí nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu faoi láthair.

Ba iad na cúramaí a bhí ar Sheirbhís Rochtana ITL i 2002/2003:

- rochtain ar iniaimh sóisialta a spreagadh agus a chothú i measc daoine a d'fhéadfadh a bheith ina mic léinn.
- bualadh le mic léinn le fáil amach cad a bhí le déanamh chun iontráil agus rannpháirtíocht i gcláir acadúla na hInstitiúide a chumasú.
- a chinntiú go raibh ionchair na mac léinn fhéideartha bunaithe ar an bhfirinne ionas go bhféadfaí rogha eolach a dhéanamh.
- cóiríocht réasúnta a fháil agus a chur ar fáil a bheadh ag teastáil ó mhic léinn ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as an gclár is rogha leo.
- idirchaidreamh a dhéanamh le hOifigigh éagsúla Institiúide, le Scoileanna agus Ranna agus le Foireann Seirbhísí na hInstitiúide
- Ionadaíocht a dhéanamh don Seirbhís Rochtana ar fhochoistí Mic Léinn le Riachtanais Speisialta na Comhairle Acadúla.

Bunaíodh an tSeirbhís Rochtana i mí Bealtaine 2000 agus tugadh conradh do Pauline Lenihan chun an tseirbhís a sholáthar. Soláthraítear an tacaíocht ar bhealaí éagsúla .i. Tacaíocht Airgeadais, Tacaíocht Teagaisc, agus tacaíocht aonair agus ghrúpa. Lean an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar aghaidh lena maoiniú i 2002/03, agus fuarthas ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile freisin, asbhaintí foirne san áireamh.

Is liosta é seo leanas den tacaíocht a sholáthraítear do mhic léinn:

- Tacaíocht Ranganna Teagaisc Shonracha Discléicse
- Grúpa Tacaíochta Discléicse
- Tacaíocht Aonair
- Tacaíocht Scrúduithe
- Beartas Comhdheiseanna agus Rochtana do Mhic Léinn le Míchumais
- Oiliúint Foime

Chomh maith leis sin, tiomsaíodh Grúpa Tuismitheoirí agus Grúpa Mac Léinn Aosacha agus ba iad na príomhábhair a tháinig aníos ná deacrachtaí cóiríochta agus costas agus infhaighteacht chúram leanaí.

## **Seirbhís Chóiríochta**

Bhí an tSeirbhís Chóiríochta á comhordú ag Lily Goggin i gcónaí, chabhraigh sí le mic léinn cóiríocht a fháil agus deacrachtaí a bhain le cóiríocht a fháil a réiteach. Bhí Lily i mbun seirbhís atreoraithe, ionas nach raibh dúbláil ann agus daoine ag dul chuig an láthair chéanna. Dá thoradh seo, tá an-taithí faighte aici ar an gcóiríocht agus ar na tiarnaí talún uile sa cheantar máguaird, agus is í is fearr atá in ann comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair. Tá an tseirbhís seo ar fáil do Phrintísigh freisin.

### **Aontas na Mac Léinn**

Lean an tAontas ar aghaidh ag feidhmiú mar sheirbhís neamhspleách ionadaíochta agus tacaíochta do mhic léinn trí an gCoiste Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. Tháinig forbairt ar an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na mic léinn agus is dá thoradh sin a tharla a nán den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil seo. Lean an tAontas ar aghaidh ag eagrú Seachtain Phléaracaim, Seachtain na Nuíosach agus siamsaíocht eile agus thug sé cúnaimh do chlubanna agus cumainn i rith na bliana. Bronnadh an brabús as a lán de na himeachtaí seo do charthanachtaí áitiúla.

### **Comhairle Spóirt**

Déanan an Chomhairle Spóirt ionadaíocht do na mic léinn agus don bhfoireann uile agus chuir sí creatlach tacaíochta ar fáil do mhórán spórt. D'éirigh go maith le foirne na hInstitiúide go háirithe i Rugbaí, Camógaíocht agus i gcomórtais CLG ar feadh na tréimhse. Ceapadh Oifigeach Forbartha CLG lánaimseartha san Institiúid agus bronnar scoláireachtaí CLG ar mhic léinn ardchumasacha faoi scéim a d'eagraigh Comhairle na Mumhan den CLG.

### **Saoráidí na Mac Léinn**

Ba mhór an áis an Pháirc Uile-Aimsire don Institiúid. Bhí sí ar oscailt ar feadh na seachtaine go léir agus an-éileamh uirthi ag an deireadh seachtaine, agus imríodh an-chuid cluichí d'ardchaighdeán inti. I measc réimsí eile a fuair tacaíocht bhí lamháltas do mhic léinn ón Scoil Ealaíne & Deartha chun cuairt a thabhairt ar Mhúsaem Hunt agus cuireadh deontais ar fáil freisin do chatalóg Thaispeántas Bliantúil na Mac Léinn Ealaíne & Deartha. Tá pleananna leanúnacha ann do Pháirceanna Imeartha agus ba chóir go mbeadh siad sin ag teacht in úsáid sa bhliain atá romhainn.

### **Roinn 3:**

#### **3.9 Naisc Acadúla Sheachtracha (a) Náisiúnta (b) Idirnáisiúnta**

Tá naisc ag ITL i gcónaí leis na heagraíochtaí agus leis na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla uile. Áirítear Forbairt na Sionnaine, an tÚdarás Forbartha Tionscal agus IBEC ina measc.

Tá naisc leitheadacha ag ranna agus Scoileanna aonair le cumainn ghairmiúla, ceirde agus gnó.

Tá an Institiúid ag forbairt a cuid nasc le heagraíochtaí san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar chuid dá gcúrsaí faoi chlár Erasmus. Is féidir le léachtóirí idirmhalartú a dhéanamh faoin gclár seo chomh maith.

Is gné de mhórán cúrsaí san ITL é an socrúchán oibre. Tá naisc déanta le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun socrúcháin a mhaoiniú do mhic léinn i gcuideachtaí Eorpacha.

## **Roinn 4: GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA**

### **4.1 Réamhrá**

Bhí ionadaíocht ag an Oifig Forbartha ar réimse leathan de choistí beartais áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta. Is samplaí iad seo leanas de na coistí sin:

#### **Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir (MWRA)**

Tá Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir ar cheann de ocht réigiún reachtúil Phoblacht na hÉireann le timpeall 20% de an achar náisiúnta talún agus de dhaonra na tíre. Tá an tÚdarás comhdhéanta de na ceantair riaracháin Chomhairlí Contae An Chláir, Thiobrad Árann Thuaidh & Luimnigh agus Comhairle Chathrach Luimnigh. Tá sé de fhreagracht ar an Údarás seachadadh comhordaithe na Seirbhísí Poiblí a chothú i Réigiún an Iarthair Láir. Rinne an Dr Fergal Barry ionadaíocht ar son an réigiúin.

#### **Forbairt na Sionainne**

Bhí an Institiúid páirteach i dtionscadal darbh ainm Gníomhartha Nuálacha a fuair maoiniú Eorpach. Sa scéim seo socraíodh baill foirne laistigh de Fhiontair bheaga agus mheánacha.

#### **Fiontraíocht Éireann**

Cuir an Institiúid moltaí faoi bhráid Fhiontraíocht Éireann chun Gorlann Gnó a lonnadh ar Champas Mhaigh Lise.

**Roinn 4:****4.2 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha**

Tá an Institiúid ag forbairt a cumais thaighde i gcónaí. Tá réimse leathan moltaí curtha ag an bhfoireann faoi bhráid na ngníomhaireachtaí maoinithe.

Le linn na bliana d'éirigh linn an maoiniú seo leans a ghnóthú:

<b>Cód Tionscadail</b>	<b>Ball Foirne</b>	<b>Luach (Euro)</b>	<b>Teideal</b>
3 Forbairt na Sionainne Oiliúin Chéimithe MBS ITL Cláir	Fergal Barry Charlie Quaid Pat O'Neil	120,000	
P0088 Forbairt na Sionainne	John Cosgrove	6,500	Gníomhartha Nuálacha
P0087 Forbairt na Sionainne	Joe Dunk	6,500	Gníomhartha Nuálacha
Sraith II P0084	Patricia KIELTY	132,053	Ardán Fiontair Clár 2003
Taighde Iarchéime agus Feidhmchláir Forbartha Scileanna	Gerry Guinne Terry Twomey	33,800	Comhtháite Ríomhaire Stáisiún Oibre Fóiréinseach
Taighde Iarchéime agus	Fergal Barry	33,500	Ullmhúchán Aon- Phota Apaitíte Feidhmchláir Forbartha Scileanna
Taighde Iarchéime agus Feidhmchláir Forbartha Scileanna	Siobhan Moane Anne Murphy	34,000	Anailís Tocsain Bia
Coimeádaitheach Músaem-bhunaithe Tionsadal Taighde	Kieran Meagher Mike Fitzpatrick	22,000	Scoláireacht Shinnor ag LCGA
Comháirtíocht Nuála EI IP-2003-0609-Y	Siobhan Moane	9,000	Forbairt Teicnící Nuálacha Anailíseacha ar son Anailíse ar Dhruaí Mí-úsáide
Ciste Tráchtálaithe (EI) PC/2003/109	John Cosgrove	88,600	LX.PLC Linux Based Virtual PLC for Distributed Automation

### 4.3 Mic Léinn Iarchéime

Bhí na Mic Léinn Iarchéime seo leanas ag freastal i rith na bliana 2002/2003:

<b>Ainm</b>	<b>Scoil/Roinn</b>	<b>Gradam</b>
Michael Breen	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Marian Carcary	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Brendan Donnelly	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc
Sinead Hennessy	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Niall Kelly	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Aodhán MacAleer	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc
Kevin Murphy	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
Joanne Neville	Timpeallacht Tógtha	MSc
Patrick O Callaghan	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc
Rachel O Toole	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc
Jennifer Comber	Ealaín agus Dearadh	MA
Philip Kenny	Ealaín agus Dearadh	MA
John Langan	Ealaín agus Dearadh	MA
Regina Corcoran	Ealaín agus Dearadh	MA
Niamh O Hara	Ealaín agus Dearadh	MA
Daniel Murphy	Staidéar Gnó & Daonnachtaí	MBS
Conor O Donovan	Staidéar Gnó & Daonnachtaí	MBS
Brendan Daly	Eolaíocht Fheidhmeach	PhD
Donna Leamy	Eolaíocht Fheidhmeach	PhD
Anne Moran	Eolaíocht Fheidhmeach	PhD
Justin Walsh	Ealaín agus Dearadh	MA
Philippa Little	Ealaín agus Dearadh	MA
James Ring	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Margaret Spillane	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc
Claire Phelan	Staidéar Gnó & Daonnachtaí	MBS
Philip O Brien	Teicneolaíocht Faisnéise	MSc
David Fennell	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Ger Clancy	Eolaíocht Fheidhmeach	MSc
Tara Kelly	Teicneolaíocht Faisnéise	PhD
Stephen Lynch	Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach	MSc

\*\* Tuarascála Breise ar Dhul chun Cinn faighte – Céimithe 2003

Nathaniel Young	Martin Shannon	Suzanne Geraghty	Martin Folan
Jayne Foley	Kevin Delaney	Declan Gleeson	Tara Kelly
Yvonne Costin	Kathleen O Mally	Fiona Walsh	

## **Roinn 4:**

### **4.4 Forbairt Champais**

Rineadh infheistíocht mhór i gCampais na hInstitiúide anuraidh, ar nós

- (a) Obair leanúnach fheistithe ar Amharclann na Mílaoise
- (b) Críochnaíodh an foirgneamh nua sínte Riaracháin
- (c) Tosaíodh ar athchóiriú dhá cheann de na hAonaid Tacaíochtaí Acadúla
- (d) Leathnaíodh gréasán príobháideach teileafóin ITL amach tuilleadh; Suiteáladh trealamh Clossamharc agus teilgean sonraí i saoráidí i dtéatair léachta
- (e) Fuarthas Ionad Spóirt Woodwiew ó Chomhairle Cathrach Luimnigh
- (f) Rinneadh athchóiriú ar Oifig na Scrúdaithe agus na hOifige Airgeadais
- (g) Cuireadh tús le leathnú Bhialann na Foirne

### **4.5 Sábháilteacht & Saoráidí**

#### **Coiste Comhairleach Sábháilteachta**

Lean Coiste Comhairleach Sábháilteachta na hInstitiúide ar aghaidh lena cuid oibre i rith na bliana agus bhí cruinniú aige gach téarma. Cuireadh Coiste Sláinte & Sábháilteachta ar bun do Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh.

#### **Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta**

Cheap an Institiúid Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chóireáil a Bheartais agus a Straitéisí Sábháilteachta.

#### **Comharthaíocht**

Cuireadh comharthaí cuí suas don Pháirc Uile-Aimsire maidir le coisbhearta cuí a chaitheamh, caitheamh tabac, guma coganta srl a chosc.

#### **Plean Gníomhaíochta Bainistiú Priacail/Measúnuithe Priacail**

Tá an-chuid oibre curtha i gcrích mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta Bainistiú Priacail a rinne ár nÁrachóirí agus Measúnuithe Priacail a rinne Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, Sráid an Chláir agus Cé Sheoirse agus an Roinn Fáilteachais i gCampas Mhaigh Lise. I measc na hoibre seo bhí pláta te a sholáthar sa Mhínealain, rud a chuir deireadh le húsáid LPG. Soláthar boscaí bruscair tinemhoillitheacha, dréimírí taca, eastóscadh múcha i mbothaí táthaithe i gCé Sheoirse, boscaí garchabhracha, blaincéidí tine, múchtóirí tine, cófraí do lachtanna inlasta srl.

#### **An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta**

Tá na saincheisteanna ar dhírigh Cigire an Údaráis Sláinte & Sábháilteachta orthu réitithe go sásúil. Bhí soláthar stóir nua, múchtóirí tine, liopaí seilfe, lipéadú, trealamh sceite, srl san áireamh. Rinneadh Measúnú Priacail agus cuireadh nós imeachta síneadh isteach/síneadh amach ar bun.

### **Oiliúint**

D'fhreastail an Stiúrthóir, an Bhainistíocht Shinsireach, Cinn Roinne/ Scoileanna agus Cinn Rannóige ar thrí Sheimineár Sláinte & Sábháilteachta. Eagraíodh Seimineár Sláinte & Sábháilteachta i Sráid an Chláir don fhoireann ar fad ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh. D'fhreastail an Coiste Comhairleach Sábháilteachta ar sheimineár aonlae, a chlúdaigh ról an Ionadaí Sábháilteachta, Reachtaíocht Sláinte & Sábháilteachta, Tuairisciú Timpistí, Sábháilteacht Tine srl. Tionóladh seimineár faoi Dhínit agus Meas chomh maith. Cuireadh Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta maidir le húsáid Múchtóirí Tine, dualgaisí Maor Tine, nósanna imeachta Láimhsithe agus Tartháil Ardaitheora. D'éirigh le dáréag den bhfoireann Cúrsa Gairme Céadchabhrach a chríochnú agus cuireadh oiliúint chuí ar bhaill foirne atá gafa le dualgais ghlantóireachta.

### **Sábháilteacht Innealra**

Chun an códú datha ar innealra a úsáidtear laistigh de Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh a chomhchuíbhiú, leathnaíodh an córas atá bunaithe i Sráid an Chláir amach go Cé Sheoirse. Is mar seo leanas atá an códú datha:

Ciorcal Dearg	úsáid foirne amháin
Ciorcal Oráiste	féadfaidh mic léinn é a úsáid faoi mhaoirsiú foirne
Ciorcal Buí	féadfaidh mic léinn é a úsáid, nuair atá oiliúint oiriúnach faighte acu, agus ansin leis an gcúram, an tuiscint agus an aire chuí.

### **Sábháilteacht Tine**

Cuireadh Cód Cleachtais maidir le Bainistiú Sábháilteacht Tine i gcríoch chun gnéithe iomadúla na sábháilteachta tine a thabhairt le chéile in aon cháipéis amháin, mar a bhaineann siad leis na Ranna éagsúla ionas gur féidir cur chuige coiteann maidir le cleachtais cosc tine a bhunú.

Tá Príomh-Mhaor Tine agus Maoir Tine ceaptha, i Máigh Lise, i Sráid an Chláir agus i gCé Sheoirse, chun cabhrú le haslonnú an áitrimh. Eagraíodh druil aslonnú tine ar Champas Mhaigh Lise. Rinneadh cothabháil ar na múchtóirí tine agus ar na spóil osáin de réir I.R. 291. Rinneadh na hiodraint dóiteáin a thástáil le cinntiú go raibh ráta srabhadh an uisce sásúil. Rinneadh seirbhísiú ar na Córais Aimsiú Tine agus Rabhaidh, i Maigh Lise agus i Sráid an Chláir de réir I.R. 3218.

### **Cuireadh Soilsiú Éigeandála ar fáil i gCé Sheoirse.**

Suiteáladh córas sochta dóiteáin sa Seomra Rialúcháin Ríomhairí.

### **Tástáil Reachtúil**

Rinneadh tástáil agus scrúdú ar gach ardaitheoir paisinéirí, comhbhrúiteoir air, iarann gaile (Cé Sheoirse) agus crann tógála garáiste de réir an reachtaíocht Sláinte & Sábháilteachta.

### **Trealamh Cosantach Pearsanta**

Cuireadh trealamh cosanta pearsanta ar fáil do gach duine a bhí ar dualgas glantóireachta. Cuireadh coisbhearta sábháilteachta ar fáil do Fheighlithe. Cuireadh éadach agus trealamh cosanta ar fáil do roinnt Léachtóirí agus Teicneoirí.



**Timpistí**

Tuairiscíodh seacht dtimpist is tríocha le linn na tréimhse, agus bhí cúigear mac léinn is fiche, beirt mhac léinn a bhí ar cuairt, ochtar ball foirne agus beirt fhostaí conraitheora páirteach iontu. Bhain cailliúint ama le dhá thimpist do bhaill foirne, agus tuairiscíodh an dá cheann chuig an Údarás Sláinte & Sábháilteachta.

**Roinn 5 - PEARSANRA**  
**5.1 Tuarascáil Phearsanra Bliain Acadúil 2002/03**

**Bliain Acadúil: 2002/2003**

**Líon foirne de réir earnáil**  
 (Buan lánaimseartha)

	Mar a bhí ag 31/08/02	Mar a bhí ag 31/08/03
Foireann Acadúil	193	195
Riarachán/Leabharlann/Bainistíocht Shinsireach/Seirbhísí	44	58
Teicneoirí/Cúntóirí Ceirde	24	24
Feighlithe	13	14

**Sosanna Gairme**

Eilish O'Donnell	Léachtóir, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Michael Ryan	Léachtóir, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Alan Sheahan	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Martha Brennan	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Kay Fitzgerald Nolan	Oifigeach Foirme, Grád V
Ultan Gogarty	Bainisteoir na nEastát (Iasacht)
Michelle McKeon	Léachtóir Cúnta Eolaíochta, (Iasacht)

**Foireann dearbhaithe le haghaidh ceapúcháin (PWT)**

Joanne Hynes	LC, Scoil Ealaíne & Deartha
Des McMahon	LC, Scoil Ealaíne & Deartha
Mark O'Kelly	LC, Scoil Ealaíne & Deartha
Eamon Spelman	LC, Scoil Ealaíne & Deartha
Maria O'Kelly	LC, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Paul Sharpe	LC, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Patrick Dillon	LC, Roinn Innealtóireachta Leictreach & Leictreonach
Clodagh Costello	LC, An Roinn Innealtóireachta Meicniúla agus Gluaisteán
Donnacha McNamara	LC, Léann Fáilteachais
Mary Morrin	LC, Roinn Eolaíochta
Catrina Murphy	LC, Roinn Eolaíochta
Tim Galvin	LC, Scoil an Léinn Ghairmiúil agus Bainistíochta
Alan Ryan	LC, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Ciara Staunton	LC, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
William Leeson	LC, Roinn TF
Austin Noonan	Oifigeach Sábháilteachta
Alice Meagher	Altra na hInstitiúide
Sean Casey	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Bronagh Fleming	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Kate Gannon	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Noreen Keogh	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Carmel McKenna	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Deirdre Quaid	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Anne O'Leary	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV

Concellia Pearse	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV
Marie Ryan	Cúntóir Leabharlainne, Grád IV
Stephanie O’Keeffe	Cúntóir Leabharlainne, Grád IV
Fiona Hedderman	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Ann Long	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Colette Real	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Noreen Wixted	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Fiona Williams	Oifigeach Cléireachais, Grád III
Pius McGrath	Feighlí

### **Lucht Fágála**

James P. MacDonagh	Stiúrthóir (ar scor)
Gerry O’Loughlin	Ceann Gníomhach, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Deitrich Blodau	Treoraí Cúrsa (Priontáil Mhínealaíne), Scoil Ealaíne & Deartha (ar scor)
Jim Ewins	Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonaic (ar scor)
Michael Skehan	Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonaic (ar scor)
John Keane	Léachtóir, an Roinn Chumarsáide (ar scor)
Gerry Mulhern	Léachtóir, An Roinn Innealtóireachta Meicniúla agus Gluaisteán (ar scor)
Fiona Regan	Léachtóir, an Roinn Eolaíochta
Eithne Martin	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV (ar scor tar éis sos gairme)
Joan Minihan	Leabharlannaí na hInstitiúide (d’éirigh as ar shos gairme)

## **Roinn 5:**

### **5.2 Scéim Forbartha Foirne le cúnaimh CFE**

<b>Cúrsaí</b>	<b>Dáta</b>	<b>Rannpháirtithe</b>	
Oiliúint Sábháilteachta			
Oiliúint Sábháilteachta Gáis do Theicneoirí Ealaíne & Deartha	15/10/2002		7
Oiliúint Sábháilteachta do Theicneoirí Ealaíne & Deartha	2&3/10/2002(8 nUaire)		6
Seimineár Maor Dóiteáin (U. Gogarty/T. Leahy)	31/10/2002		2
Oiliúint i Láimhsiú	06/12/2002		12
Feasacht Sábháilteachta don Bhainistíocht uile	15/10/02 &15/11/2002		21
Oiliúint Bhainistíochta			
Oiliúint Athbhreithniú Phromhaidh do Bhainisteoirí/Cinn Roinne	08/10/2002		13
Cúrsa i Nósanna Imeachta Gearáin & Smachta	30/01/2003		14
Oiliúint Riaracháin			
Cúrsa Miontuairiscí do bhaill foirne Riaracháin (2ú Grúpa)	04/12/02		11
Oiliúint faoi thabhairt isteach Córas MISAg leanúint ar aghaidh faoi láthair			
Céim Mic Léinn agus Airgeadais (Banner & Agresso)	Lánaimseartha		7
Teastas Náisiúnta Staidéar Gnó/B.B.S.	2002-03		4
I.M.I. Teastas Bainistíocht Mhaoriseachta	2002-03		6
B.B.S. (U.C.D.)	2002-03		1
Dioplóma i mBainistíocht Phearsanra (U.L.)	2002-03		1
Diop/MSc i Léann Faisnéise & Leabharlainne	2002-03		1
M.Phil 2002-03			1
Oiliúint Acadúil			
Oiliúint Ionduchtaithe d'Fhoireann Acadúil/Riaracháin	05&06/09/2002		28
Oiliúint Ionduchtaithe d'Fhoireann Acadúil Pháirtaimseartha	22/11/2002		60
Athbhreithniú ar Ionduchtú (Cúrsa Meán Fómhair '02)	29/04/2003		13
Céimeanna atá ar siúl faoi HESDN			
BSc i dTeicneolaíocht Fheidhmeach			3
MA i mBainistíocht Oideachais			9
MSc i Ríomhaireacht			5
<b>Iomlán</b>			<b>225</b>

## **Roinn 6 – tuarascáil airgeadais**

### **6 Tuarascáil Airgeadais 2002/2003**

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchóireacht ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2003 agus faomhadh gan cháiliú é ar an 23/02/2005. Tá sleachta as na ráitis airgeadais faoi iamh.

#### **Ioncam agus Caiteachas**

Thug an Institiúid cúlchistí de €€2.828m ar aghaidh ag 1 Meán Fómhair 2002. Bhí na cúlchistí sin ardaithe go €3.536m faoi dheireadh na tréimhse mar gheall ar fharasbarr oibriúcháin de €0.708m don bhliain. Bhí ioncam reatha de €29.158m ann, lenar áiríodh €16.751m do dheontais athfhillteacha. Bhí caiteachas reatha de €28.450m ann, lenar áiríodh €19.819m de chostais foirne. B'ionann an costas athfhillteach bliantúil in aghaidh an mhic léinn agus €5,913 don bhliain. Tá an costas reatha in aghaidh an mhic léinn á choinneáil ag leibhéal chomparáideacha.

#### **Clár Comhardaithe**

Léirigh luach na sócmhainní inláimhsithe ardú glan de €6.483m ó €43.348m go €49.831m faoi dheireadh na bliana. Seasann breiseanna de €7.644m do infheistíocht de €1.418m i dtrealamh oideachasúil agus teicneolaíocht faisnéise agus €6.226m i mbonneagar cóiríochta. Tugann na breiseanna seo lúide muirear dímhéasa de €1.161m an t-ardú glan.

#### **An tAcht um Phrasíocaíochtaí 1997**

Cómhlonann an Institiúid a cuid oibleagáidí faoin Acht um Phrasíocaíochtaí 1997.

**Roinn 6:****6.2 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2003****6.2 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2003**

	Nóta	2003 IR£000	2002 IR£000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Stáit	1	16,751	15,793
Scaoilte ón gCunts Caipitil	18	1,161	1,779
Táillí Teagaisc	2	4,993	4,631
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	875	349
Ioncam Úis		197	140
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	2,988	1,426
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	250	218
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	705	401
Ioncam Eile	5	1,238	1,020
		29,158	25,757
<b>Caiteachas</b>			
Ranna Acadúla	8	16,630	14,971
Seirbhísí Acadúla	9	1,097	859
Aitribh	10	2,035	1,904
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	11	2,973	2,687
Caiteachas Ginearálta Oideachasúil	12	554	165
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	942	777
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	250	218
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	952	349
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	705	401
Dímheas	15	1,161	1,779
		27,299	24,110
Farasbarr Oibriúcháin (Easnamh)		1,859	1,647
Aistriú go Cúlchiste Srianata	6	(1,151)	(649)
Farasbarr carnaithe ag tús na bliana		2,828	1,830
Farasbarr carnaithe ag deireadh na bliana		3,536	2,828

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe

John Gallahue

Vincent McCarthy

Níor aithníodh aon ghnóthachan ná cailteanas, seachas iad siúd atá pléite sna Cuntais seo. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-25.

## Roinn 6:

### 6.3 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2003

#### Clár comhardaithe mar a bhí ag 31 Lúnasa 2003

	Nóta:	2003 IR£000	2002 IR£000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	49,831	43,348
Sócmhainní Reatha			
Feichiúnaithe	16	4,385	6,960
Airgead sa bhanc agus ar lámh		7,535	4,235
		11,920	11,195
Creidiúnaithe			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin 17		(5,170)	(5,796)
Sócmhainní Reatha glan		6,750	5,399
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		56,581	48,747
Sócmhainne glana			
Léirithe ag:		56,581	48,747
Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	18		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		49,831	43,348
Cuntas	24	3,536	2,828
Cúlchiste Srianta		3,214	2,571
		56,581	48,747

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe John Gallahue Vincent McCarthy

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-25.

## Roinn 6:

### 6.4 Ráitis Airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh 2003

#### Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2003

	Nóta: 2003 IR£000	2002 IR£000
Ioncam		
Airgead a fuarthas ó:		
Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach	19,627	16,048
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil an Stáit do Chaiteachas Athfhillteach	44	-
Asbhaintí Coimeádta Aoisliúntais	1,033	853
Táillí Teagaisc	5,413	5,092
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	2,048	514
Ioncam Úis	190	147
Ioncam Eile	1,867	1,038
	30,222	23,692
Íocaíochtaí Airgid chuig agus ar son Fostaithe	(19,920)	(16,986)
Íocaíochtaí Airgid go Soláthróirí	(5,894)	(5,066)
Airgead glas as oibríochtaí (Eissreabhadh) Caiteachas Caipitil	(4,408)	(1,640)
Deontas a fuarthas ó:		
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil	5,201	5,999
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil an Stáit do Chaiteachas Athfhillteach	-	-
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil Athfhillteach an Stáit Caiteachas Caipitil	999	615
Deontais Eile	770	30
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Socraithe a fháil	(8,078)	(5,919)
Insreabhadh glan airgid (Eissreabhadh) as caiteachas caipitil	(1,108)	725
Airgead glan (eissreabhadh) roimh dheontais mhic léinn	3,300	2,365
Eissreabhach glan airgid as foinsí eile	19(a)	722
Meadú/(Laghú) in airgead agus i gcóibhéiseanna airgid	19(b)	3,087

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe

Vincent McCarthy

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus Nótaí 1-25.



## **Roinn 7 - COMHDHEISEANNA**

### **7.1 Beartas Comhdheiseanna**

#### **Ráiteas beartais**

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta comhdheiseanna a chur ar fáil in oideachas, i bhfostaíocht agus in oiliúint. Ní dheileálfar le haon iarrthóir ar chúrsa, mac léinn, iarrthóir ar phost ná aon fhostaí le níos lú fábhair mar gheall ar ghnéas nó stádas pósta. Diúltaíonn an Institiúid d'aon idirdhealú díreach nó indíreach ar bhonn dath, reiligiúin, cine, náisiúnacht, bunús eitneach nó náisiúnta, inscne nó stádas pósta. Is ar bhonn oiriúnachta amháin a dhéanfar gach cine maidir le hearcaíocht, oiliúint, ardú céime, forbairt ghairme agus coinníollacha seirbhíse.

#### **Aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais**

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta do fheasacht a chruthú faoin ngá atá le dearcadh neamhidirdhealaitheach. Is é cuspóir an Bheartais Chomhdheiseanna tiomantas ITL do chomhdheiseanna a léiriú go soiléir. Aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtacht go nglacfaidh foireann an ITL agus cuallacht na mac léinn le dearcadh neamhidirdhealaitheach.

Is iad cuspóirí an bheartais a chinntiú nach ndéanann ITL aon idirdhealú i gcoinne aon fhostaí nó iarrthóir ar oideachas nó ar fhostaíocht maidir le:-

- Rochtain ar Oideachas
- Rochtain ar Fhostaíocht nó ar Ardú Céime
- Folúntais a Fhógairt
- Earcaíocht agus Roghnú
- Coinníolacha Fostaíochta
- Oiliúint agus Forbairt

## **Roinn 8 – NUACHT agus IMEACHTAÍ**

### **8.1 Nuacht agus Imeachtaí 2002/2003 (Sleachta as na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta)**

#### **Ceiliúradh á sheoladh in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh**

Tá sé beartaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh léiriú beo dá Taispeántas Bliantúil Faisin a sheoladh mar chuid de chomóradh a 150 bliain.

Faoi réir chead pleanála, déanfar an seó mór rathúil faisin a chraoladh ar nasc beo fise go Páirc Ché Airt sa chathair mar a mbeidh sé le feiceáil saor in aisce ag an bpobal. Níl sa phlean don nasc beo seo ach ceann amháin de na himeachtaí iomadúla a nochtadh ag seoladh chomhóradh 150 bliain ITL. I measc na mbuaicphointí sa Chlár Imeachtaí tá Scéim Ghradam an RDS do Mhic Léinn Ealaíne agus Taispeántas Taistil 2002. Beidh saothar ó mhic léinn ar fud na tíre sa taispeántas chomh maith le saothar péintéireachta le Yvonn Lee, mac léinn as Luimneach, a bhuaigh €5,000 mar chomhbhuaiteoir Ghradam Ealaíne Taylor.

Ceann eile do bhuaicphointí an chlár imeachtaí is ea oscailt oifigiúil Amharclann na Mílaoise in ITL. Tá spás do 350 daoine san amharc nua-aimseartha seo a chosain €3.5 milliún le tógáil.

Beidh foilsíú leabhar speisialta cuimhneacháin 150 bliain ina chuid thábhachtach eile den cheiliúradh, leabhar atá scríofa ag an údar áitiúil Jack Hogan, a rianann stair Scoil Ealaíne Maisiúil Luimnigh agus a héabhlóid go Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

#### **Athchóiriú €3.3 milliún don Scoil Ealaíne**

Tá €3.3 milliún le fáil ag Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun a champas i Sráid an Chláir a athchóiriú. Rinne é seo a fhógairt ag seoladh chomóradh 150 bliain ITL.

Bhailigh iardhaltaí clúiteacha le chéile ag an seoladh chun tacaíocht a thabhairt dá Alma Mater, ‘trasghearradh iontach d’iardhaltaí’ mar a thug an Clr Jack Bourke, Cathaoirleach an Choiste Rialacháin, orthu.

Bhí John Shinnors, gaiscíoch shaol na healaíne, a bhfuil taispeántas rathúilg aige i nDánlann na Cathracdh, i láthair, leis an ealaíontóir Una Heaton, iománaí Luimnigh John Meskell, iománaí Thiobrad Árann Eoin Kelly, an dearthóir faisin Fiona Whyte agus Michelle McInerney ó Copper Reed Studio.

Mar adúirt Pat MacDonagh, Stiúrthóir ITL “bunaíodh Scoil Ealaíne Maisiúil 150 bliain ó shin agus tá éabhlóid agus fás tagtha air ionas go bhfuil ITL againn anois. Is mór an tionchar a bhí aici sna blianta sin, ní hamháin ar an oideachas Ealaíne agus Deartha in Éirinn, ach trína leathnú isteach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht is mór a chuir sí le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta an náisiúin.”

Chuir dáimh na hEalaíne fréamhacha fúithi ar dtús agus ba faoin ainm The Limerick School of Ornamental Art a thosaigh sí le múinteoir amháin agus 26 mac léinn.

### **Meangadh Dave agus singil nua á sheoladh aige**

Sheoil an t-amhránaí clúiteach Dave Caplice a shingil nua ag HMV le déanaí. Shínigh an stócach groí Conradh domhanda taifeadta le Telstar Records agus tá an chuma air go bhfuil sé i ndán dó ardcháil a bhaint amach i dtionscal an cheoil. Rugadh Dave san Astráil, tógadh i gCorcaigh é agus tháinig sé go Luimneach chun staidéar a dhéanamh in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roinnt blianta ó shin. Cé go mbíodh sé ag seinm le mórán buíonta i Luimneach, theastaigh uaidh riamh a bheith ina ealaíontóir aonair, agus chuir sé slacht ar ghuth agus ar a scileanna ardáin chun é seo a bhaint amach le cúpla bliain anuas. Bhí Dave ag seinm cheana féin i SAM do chomhludair mhórluachacha, ina measc an Iar-Leasuachtarán Al Gore. Beidh singil nua Dave, Smile, ar fáil sna siopaí ceimíní go luath.

### **Tagann seansaighdiúirí an GI Bill le chéile ag ITL**

Tháinig beirt sheansaighdiúirí a ndearnadh páirtmhaoiniú ar a gcuid oideachais le Bille Cearta na G.I. i Meiriceá le chéile i Luimneach le déanaí. Ba í an ócáid a bhí ann ná cuairt Ambasadora thaidhleoir SAM Richard J. Egan, agus a bhean Maureen, ar Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Chuir an tUasal Egan tús lena cheapúchán in Éirinn bliain ó shin agus thug an Stiúrthóir an fhoireann ar cuairt é ar champas ardeicneolaíochta Pháirc Mhaigh Lise. I measc na fóirne sin bhí an Dr Charles Quaid, Ceann Gníomhach Scoil an Léinn Ghairmiúil agus Bainistíochta a chaith seal in Arm Sam ó 1960-§961 sular fhill sé ar Éirinn chun dul chun na hOllscoile. Rinne sé staidéar iarchéime in Ollscoil Fordham i Meiriceá ina dhiaidh sin faoi fhorálacha an Bhille Cearta GI a thugann cúnaimh deontais d'iarshaighdiúirí Meiriceánacha sa tríú leibhéal.

Chuir an tAmbasadóir Egan ceist ar an Dr Quaid, a bhí tráth ina Uachtarán ar an IRFU, cén dearcadh a bhí aige faoin neodracht. “Táim neodrach faoin neodracht” a d’fhreagair sé.

Dúirt an tUasal Egan gur mór an méid a bhí déanta ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun Éire a chur chun cinn san earnáil ardeicneolaíochta, agus dúirt sé chomh maith go raibh sé an-tógtha leis an luas lenar chuaigh an institiúid i dtaithe ar riachtanais an mhargaidh le linn a thréimhse féin mar fhear gnó.

### **Mórbhronnadh Bogearraí**

D’fhógair Institiúid Teicneolaíochtaí Luimnigh an tseachtain seo go raibh Bogearraí Acmhainní Fiontraíochta dar luach níos mó ná US\$100,000 ó QAD i Luimneach agus ó Seabrook Research Ltd, dáilitheoir QAD in Éirinn. Tá úsáid fhorleathan á bhaint as an bpacáiste MFG/PRO ag cuideachtaí in Éirinn agus ar fud an domhan agus aithnítear é mar cheann de na córais bhogearraí is fearr do chuideachtaí déantúsaíochta meánmhéide.

In ITL, foghlameoigh mic léinn bunteicnící gnó na déantúsaíochta agus an dáiliúcháin trí úsáid a bhaint as na bogearraí i dtimpeallachtaí staidéir ar chás. Gheobhaidh siad taithí chomh maith ar chostáil déantúsaíochta agus ar bhainistíocht airgeadais. Ba iad Sean O’Sullivan agus Deirdre O’Brien as QAD a rinne an bronnadh.

D’fháiltigh Terry Twomey, Ceann Teicneolaíocht na Faisnéise in ITL, roimh an tacaíocht leanúnach atá le fáil ó chuideachtaí Bogearraí mar aitheantas ar sheasamh ard na hInstitiúide i dtionscal na Ríomhaireachtaí. “Leis na háiseanna breise nua-aimseartha seo sa Ríomhaireacht beidh sé ar chumas na hInstitiúide cúrsa nua céime a thairiscint i gCórais Faisnéise Oifige, chomh maith leis na cláir Céime agus Iarchéime atá ann cheana a fheabhsú”, ar seisean.

### **An tArd-Chócaire Ramsey mar Mholtóir ar Chomórtas Cócaireachta**

Beidh teas sa chistin i Luimneach nuair a thagann os cionn 100 ardhócaire chuig Comhdháil Idirnáisiúnta na nArd-Chócairí. Tá an chomhdháil ar siúl den tríú bliain as a chéile agus tugann sé fóram do chócairí Éireannacha agus Idirnáisiúnta plé a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar mhórchéistean sa tionscal agus na cleachtais is fearr a roinnt le chéile. Is ócáid chomórtais í an chomhdháil chomh maith idir seisear iomaitheoir chun ardhócaire a roghnú mar ionadaí na hÉireann ag craobhchomórtas Gordon Ramsey Scholar 2002 i Londain. Tá Gordon Ramsey, duine de na cainteoirí ag an gcomhdháil, ina úinéir ar shraith de bhialanna rathúla san RA, ina measc an bhialann fhaiseanta Petrus i St. James' Street, Londain. Beidh Gordon ar dhuine de na moltóirí ar chraobhchomórtas na hÉireann a thionólfar ag conclúid na Comhdhála ag ITL.

### **Mórhaispeántas i nDánlann nua na cathrach**

Tá a chéad mhórhaispeántas ar siúl in ionad nua taispeántais Luimnigh, an Church Gallery, ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Taispeántas Camchuart Ghradaim RDS na Mac Léinn 2002. Dúirt Richard Ruth, Ceann an Scoil Ealaíne & Deartha, gur mór an spreagadh do na healaíona sa chathair é an taispeántas mórluachach seo agus gur aitheantas é do stádas Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh mar gur chuir mic léinn na hInstitiúide an tríú cuid den rogha iomlán ar fáil.

### **Niamh, Dearthóir Faisin, sa Dara háit i “Miss Ireland”**

Is dócha gurbh í an Dearthóir Faisin as Dún Dealgan, Niamh Russell, an t-aon iomaitheoir a raibh faoiseamh uirthi nuair a fógraíodh gur tháinig sí sa dara háit i gcomórtas Miss Ireland agus í ag iomaíocht ar son Luimnigh. Cé nach raibh sí in ann a seoladh baile ceart sa Charraig Dhubh a nochta, d'iompair Niamh bratach a contae dúchais go bródúil nuair a roghnaíodh í sa dara háit do Miss Ireland. “Ar ndóigh ba breá an rud dá mbuafainn an comórtas Miss Ireland, ach is conradh ocht mí dhéag atá ann, agus tá mé ag súil le dul go Nua Eabhrac chun obair leis an dearthóir Donna Karan tamall maith roimhe sin” arsa Niamh ón seoladh atá aici go sealadach i Luimneach.

Roghnaíodh í mar ionadaí do Luimneach nuair a bhí a B.A i nDearadh Faisin críochnaithe aici in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i mí Meithimh agus bheartaigh sí ar fhanacht sa chathair ag obair i rith an tSamhraidh.

### **Anacair éadaigh**

Dearann Joanne Hynes éadaigh nár mhaith leat a chaitheamh, ach is é sin atá uaithi!

Bíonn éadaí áirithe cosúil le timpist tráchta: níor mhaith leat a bheith ag stánadh, ach ní bhíonn neart agat air. Ag amharc ar fhaisean trialach, freagraíonn an intinn le huafás (gúna gloine! Seafóid) go hiontas (I gcuntas Dé, conas a rinne siad é sin?) go spéis (An bhféadfainn iad sin a chaitheamh?) nó fiú go machnamh ar leagan lascaire (An mbeidh siad sa Gap?)

Is gné bunúsach den bhfaisean é an meandar mearbhail seo. In Éirinn nuair a fhágtar amach na cóipeanna agus na cóipeanna go léir is beag deartháir a dhéanann éadaí nach dtagraíonn do dhearadh éigin eile, cé nach mbíonn díol mór ar a saothar.

Duine díobh is sea Joann Hyne, 26 bliana d'aois, céimí dechuid Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, mar a bhfuil sí ina léachtóir anois, agus Coláiste Ealaíne N. Máirtín. Bhí earraí Hynes ar díol i stóir thábhachtacha ar nós Fred Segal in LA agus Pineal Eye i Londain. Cuireadh grianghrafanna dá saothar in irisí stíle ar nós Dazed & Confused agus Sleazation

Saotharlanna agus cainnteanna agus Ciste Dhoire na bhFlann ar cuairt ar an Músaem  
Tá sé d’aidhm ag an gclár for-rochtana atá le taispeántas chiste Dhoire na bhFlann mic léinn a spreagadh chun spéis ghníomhach a chur i stair agus i seandálaíocht na hÉireann.

Ealaín Luath-Chríostaí, curtha i láthair ag Karol O’Loughlin, céimí de chuid Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, atá ag múineadh cúrsa ealaíne do leanaí STAG faoi láthair.

David i mbun Fhoireann Phríomhchócairí ag ITL – Filleann Príomhchócaire na Banríona abhaile D’fhill an Luimníoch, David Mulcahy ar a chathair dhúchais mar Chathaoirleach ar Chumann Ceirde Phríomhchócairí na Breataine chun féasta a ullmhú mar cheiliúradh ar chuimhneachán 150 bliain bhunú Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Bhí a mháthair agus a dheartháir ar lámh chun é a ghríosadh ag an bhféasta. Tháinig David, príomhchócaire feidhmiúcháin le Eurest/Compass, an chuideachta seirbhíse bia is mó ar domhan, as an gCuarbhóthar Thuaidh i Luimneach ó thús, agus bhí sé rannpháirteach in oiliúint agus i bhforbairt phríomhchócairí agus i ndearadh oideas do os cionn 600 teagmhálacha i mórcheantar Londain agus máguaird, ina measc na príomhbhancanna cathrach agus ceantar stocmhalartáin na Breataine.

Rinne David maoirsiú ar an mbia go léir ag Cóisir Gháirdín Iubhaile na Banríona Elizabeth.

### **Bailiúchán nua dhearthóir Chill Tuama**

Thaispeáin scoth na ndearthóirí óga Éireannacha a dtaispeántas os comhair na gceamaraí teilifíse agus lucht féachana moltach de mhíle duine ag Seó Faisin Taispeántas RTÉ in Institiúid Teicneolaíochta Áth Luain. I measc na ndearthóirí bhí Cheryl Prendergast, mac léinn sa Scoil Ealaíne & Deartha. ‘Short and Sweet’ an teideal a bhí ar a bailiúchán, agus bhí fo-éadaí agus obair ghrianghrafadóireachta Ian Saudek mar inspioráid aici. Tá sé d’aidhm aici bailiúchán neamhghnách, baineann, a chruthú le hearraí cniotáilte lánfhaiseanta agus píosaí de fho-éadaí dána sa stíl Fhrancach mar éadach seachtrach.

### **Breis oideachais do mháithreacha Luimnigh**

Bhí triúr máthair as Luimneach a rinne ceannródaíocht sa chlár rochaine oscailte staidéir do mhná a bhfuil spéis acu san oideachas tríú leibhéal i lár an ardáin ag searmanais céimithe ITL i mí na Samhna 2002. Chuir Helen Conway, Mary Wharton agus Marion O’Connor orthu a gcaipíní agus a ngúnaí chun teastais ardléinn a ghlacadh. Tá níos mó seachtar leanbh ag na mná eatarthu, agus tá siad anois ag dul ar aghaidh leis an staidéar dá gcéimeana agus is iad na chéad chéimithe ar bhonnchúrsa Eolaíochta & Teicneolaíochta a thiomsaigh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh.

### **Cáineann ceannaire ITL monaplacht chúrsaí**

Cheistigh Stiúrthóir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, J.P. MacDonagh, an cinneadh a rinneadh go mbronnfaí cúrsaí ar nós Cógaisíochta agus Fisiteiripe go heisiach ar an earnáil Ollscoileanna. Agus é ag labhairt ag an Searmanas Bronnta Céimeanna dúirt an tUasal MacDonagh: “Tá monaplacht cheana féin ag na hOllscoileanna, go praiticiúil, ar chúrsaí Míochaine agus Fiaclóireachta”. Bhí ITL ag ceiliúradh dhá lá de bhronnadh céimeanna chun ómós a thabhairt do 1,562 mac léinn, an líon is mó céimithe riamh ag searmanas ITL.

### **Glacann Fitzgerald leis an bpost is airde in ITL**

Beidh an cúlbaire cáiliúil David Fitzgerald ag dul i gceannas ar dhá fhoireann iománaíochta Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh don bhliain reatha. Beidh garda glic an chúil as contae an Chláir ag teacht i gcomharbacht ar réalta iománaíochta Pat Heffernan sa phost. Beidh a chomhimreoir as Droichead Abhainn Ó gCearnaigh, John O'Meara, mar chúntóir ag Fitzgerald. Tá an-seans ag ITL Corn cháiliúil Fitzgibbon a bhuachaint san Earrach seo chugainn.

### **An chéad PhD bronnta in ITL**

Bronnadh an chéad Chéim PhD ag na Searmanais Bronnta Céimeanna i mí na Samhna. Bronnadh Dochtúireacht Fealsúnachta ar Barbara Fogarty. Agus é ag labhairt ag na Searmanais, dúirt J.P. MacDonagh, Stiúrthóir ITL gur bhliain stairiúil ba ea í le céim a fháil, mar gurbh í seo cuimhneachán 150 bliain bhunú Scoil Ealaín Mhaisiúil Luimnigh in 1852, réamhtheachtaí na hInstitiúide. Dúirt sé go mbronnfaí 1,562 gradam, ina measc 342 Céim Baitsiléara agus 47 gCéimeanna Iarchéime agus Máistre agus an chéad PhD riamh san Institiúid. Bhí bliain an-ghnóthach ag an Institiúid, ar seisean, le tógáil an Aula Maxima nua agus Amharclann nua na Mílaoise le 350 suíochán, an chéad amharclann shainchuspóra a tógadh i Luimneach le breis is leathchéad bliain. Tá páirceanna nua imeartha curtha ar fáil ar an talamh a ceannaíodh taobh ó thuaidh den champas agus tá obair mhór tosaithe ar Ionad na Mac Léinn a chuirfidh réimse seirbhísí agus saoráidí sóisialta ar fáil i gcomhar agus i gcomhairle le Aontas na Mac Léinn ITL.

Agus é ag labhairt leis na céimithe, dúirt an tUasal MacDonagh go raibh súil aige go mbeadh cuimhní ceanúla acu ar a mblianta in ITL agus go raibh sé ag súil le fáilte a chur ar ais rompu chun staidéar a dhéanamh ag leibhéal Dioplóma, Céime nó Iarchéime, nó cúrsaí a dhéanamh chun a scileanna a nuashonrú nó a ngairm a athrú. Mar fhocal scoir, ghabh sé buíochas leis an Séiplíneach, an tAth. Noel Kirwan “a bhí ar fáil i gcónaí do mhic léinn agus do bhall foirne araon nuair a bhí focal sólais nó misnigh de dhíth orthu.”

### **An todhchaí á tógáil ag Mairéad le spreagadh ón am atá thart**

Tá aitheantas mar dhuine de na dearthóirí is cumasaí sa tír a á baint amach ag an Dearthóir as Luimneach, Mairead Neill. Tar éis di cáilíocht a bhaint amach i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, tá Máistreacht sa bhFaisean á lorg aici anois. Fuair Mairéad a hionsparáid ó dhamhsóir cáiliúil ait. Bhunaigh sí na dearthaí is déanaí dá cuid, a ghnóthaigh an phríomhdhúais €10,000 ag Gradaim Thaispeántas le déanaí, ar an striapach cáiliúil Eliza Gilbert, nó Lola Montez mar b'fhéarr aithne uirthi, a rugadh in Éirinn. Rinne Mairéad iarracht éadaí a chruthú a léireodh pearsantacht láidir agus stíl indibhidiúil agus grá na mná a chaith saol chomh corraitheach fadó. D'úsáid sí meascán fabraicí, ar nós svaeid, leathar, cadás agus línéadach Éireannach chun baill éadaigh spéisiúla a chruthú le stíl agus meallacht ar leith. D'úsáid sí meascán spéisiúil dathanna chomh maith chun bailiúchán nua-aimseartha a chruthú a léireodh bunphearsantacht Lola.

### **Cruthaíonn Anne nach bhfuil cosa cré aici mar chriadóir**

Creideann Ann Larkin, criadóir, i mbrionglóidí Breis is fiche bliain ó shin cháiligh sí mar altrá agus a chuaigh sí ag obair, phós sí feirmeoir agus thóg sí ceathrar clainne, ach bhí sí de shíor ag brionglóidí faoi fhreastal ar an gColáiste Ealaíon. Cúig bliana ó shin, thóg sí an chéad chéim chun an aisling sin a fhíorú agus coicís ó shin, bronnadh Céim uirthi ó Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh. Anois caitheann sí a cuid ama ag “caitheamh potaí ina teach féin i bPáirc Roighne.

Shíl sí ar dtús go rachfadh sí le péintéireacht, ach nuair a tháinig sí go dtí an Coláiste, thit sí in ngrá leis an chré, agus thuig sí sa dara bliain gur thaistigh uaithi é a láimhseáil go lánaimseartha. Tá an chré féin daor agus níl sí le fáil ach ó dhá fhoirse, sa Dún agus i gCorcaigh. Tá Anne go daingean in aghaidh glónraí tionsclaíocha a cheannach isteach, déanann sí a chuid féin as na comhábhair, an t-ábhar speisialta a bhí aici ina bliain dheireanach sa Choláiste. Tá a cuid saothair taispeánta cheana féin ag Anna i dtaispeántais LSAD, ag Aonach Ceardaíochta Luimnith agus i Músaem Hunt.

### **Is ardán é an saol agus gach duine ina aisteoir**

